2025/1934

22.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1934 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus 232(1) pointe (b) agus 232(3), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach gá cead a thabhairt coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó ó thríú críocha a theacht isteach san Aontas ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na tríú críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha, ó chríocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi thrí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Alberta, ráigeanna a deimhníodh idir an 09 Meán Fómhair 2025 agus an 10 Meán Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcontae Devon, Sasana, ráig a deimhníodh an 31 Lúnasa 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas, agus gluaiseacht agus láimhseáil coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/404/oj).

(7) Tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi ocht ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit North Dakota (2) agus South Dakota (6), ráigeanna a deimhníodh idir an 28 Lúnasa 2025 agus an 11 Meán Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun teorainn a chur le leathadh an ghalair sin.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí san Aontas chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na tríú tíortha sin sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(11) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha faoi seach a mhéid a bhaineann le ráigeanna a bhí ann roimhe seo den fhliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) An 11 Meán Fómhair 2025 agus an 16 Meán Fómhair 2025, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aici i ndáil le cúig ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis, ráigeanna a deimhníodh idir an 28 Iúil 2025 agus an 08 Lúnasa 2025, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) An 12 Meán Fómhair 2025 chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aici i ndáil le sé ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Arizona (4), New Mexico (1), agus Pennsylvania (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 8 Aibreán 2025 agus an 2 Iúil 2025, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(14) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe go bhfuil beartas díothaithe ainmhithe ionfhabhtaithe curtha chun feidhme acu chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe ainmhithe ionfhabhtaithe a chur chun feidhme maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe.

(15) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faoina bhráid agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas a chur ar fionraí ó na criosanna atá buailte, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna atá buailte de na tríú tíortha sin óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(16) Agus na ráigeanna nua den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i)

'**CA** Ceanada	CA-2.268	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.9.2025	
	CA-2.269		N, P1		9.9.2025	
	CA-2.270		N, P1		10.9.2025';	

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.385:

'**GB** An Ríocht Aontaithe		BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		28.7.2025	11.9.2025';

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.387 go GB-2.390:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.387	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.7.2025	16.9.2025
	GB-2.388		N, P1		1.8.2025	12.9.2025
	GB-2.389		N, P1		6.8.2025	16.9.2025
	GB-2.390		N, P1		8.8.2025	16.9.2025';

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.392 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.391:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.392	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		31.8.2025';	

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1022:

'**US** Na Stáit Aontaithe		BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		8.4.2025	7.9.2025';

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1035 agus US-2.1036:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1035	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		19.5.2025	30.8.2025
	US-2.1036		N, P1		27.5.2025	13.9.2025’;

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1038, US-2.1039 agus US-2.1040:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1038	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.5.2025	13.9.2025
	US-2.1039		N, P1		5.6.2025	13.9.2025
	US-2.1040		N, P1		2.7.2025	25.8.2025’;

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1042 go US-2.1049 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1041:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1042	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		28.8.2025	
	US-2.1043		N, P1		2.9.2025	
	US-2.1044		N, P1		4.9.2025	
	US-2.1045		N, P1		9.9.2025	
	US-2.1046		N, P1		10.9.2025	
	US-2.1047		N, P1		11.9.2025	
	US-2.1048		N, P1		4.9.2025	
	US-2.1049		N, P1		10.9.2025’;	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) in the entry for Canada, the following descriptions of the zones CA-2.268, CA-2.269 and CA-2.270 are added after the row for the zone CA-2.267:

‘Canada	CA-2.268	Alberta – Latitude 53.7, Longitude -112.94 The municipalities involved are: 3km PZ: Fort Saskatchewan, Josephburg, and Scotford 10km SZ: Fort Saskatchewan, Hu Haven, Josephburg, Lamoureux, Strathcona, Sturgeon
	CA-2.269	Alberta – Latitude 53.24, Longitude -112.25 The municipalities involved are: 3km PZ: Holden 10km SZ: Beaver, Holden, Poe, and Ryley
	CA-2.270	Alberta – Latitude 53.32, Longitude -111.66 The municipalities involved are: 3km PZ: Minburn and Vegreville 10km SZ: Beaver, Lavoy, Minburn, Ranfurly, Vegreville, and Viking’;

(ii) in the entry for the United Kingdom, the following description of the zone GB-2.392 is added after the description of the zone GB-2.391:

‘United Kingdom	GB-2.392	near Exminster, Teignbridge, Devon, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N50.69 and Long: W3.55’;

(iii) in the entry for the United States, the following descriptions of the zones US-2.1042 to US-2.1049 are added after the description of the zone US-2.1041:

'United States	US-2.1042	State of South Dakota Faulk 05 Faulk County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.0443717°W 45.2282303°N)
	US-2.1043	State of South Dakota Beadle 17 Beadle County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.9602797°W 44.7087578°N)
	US-2.1044	State of South Dakota McPherson 12 McPherson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.0991193°W 45.6946911°N)
	US-2.1045	State of South Dakota Beadle 18 Beadle County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.2057664°W 44.6534632°N)
	US-2.1046	State of South Dakota Beadle 19 Beadle County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.9009159°W 44.4150837°N)
	US-2.1047	State of South Dakota Spink 13 Spink County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.2225844°W 44.7543512°N)
	US-2.1048	State of North Dakota Dickey 06 Dickey County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.4439654°W 46.1626533°N)
	US-2.1049	State of North Dakota LaMoure 05 LaMoure County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.5754950°W 46.4017860°N)';

(2) in Annex XIV, in Part 1, Section B is amended as follows:

(a) in the entry for Canada, the following rows for the zones CA-2.268, CA-2.269 and CA-2.270 are added after the row for the zone CA-2.267:

'**CA** Ceanada	CA-2.268	POU, RAT	N, P1		9.9.2025	
		GBM	P1		9.9.2025	
	CA-2.269	POU, RAT	N, P1		9.9.2025	
		GBM	P1		9.9.2025	
	CA-2.270	POU, RAT	N, P1		10.9.2025	
		GBM	P1		10.9.2025';	

(b) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.385:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.385	POU, RAT	N, P1		28.7.2025	11.9.2025
		GBM	P1		28.7.2025	11.9.2025’;

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.387 go GB-2.390:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.387	POU, RAT	N, P1		30.7.2025	16.9.2025
		GBM	P1		30.7.2025	16.9.2025
	GB-2.388	POU, RAT	N, P1		1.8.2025	12.9.2025
		GBM	P1		1.8.2025	12.9.2025
	GB-2.389	POU, RAT	N, P1		6.8.2025	16.9.2025
		GBM	P1		6.8.2025	16.9.2025
	GB-2.390	POU, RAT	N, P1		8.8.2025	16.9.2025
		GBM	P1		8.8.2025	16.9.2025’;

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.392 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.391:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.392	POU, RAT	N, P1		31.8.2025	
		GBM	P1		31.8.2025’;	

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1022:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1022	POU, RAT	N, P1		8.4.2025	7.9.2025
		GBM	P1		8.4.2025	7.9.2025’;

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1035 agus US-2.1036:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1035	POU, RAT	N, P1		19.5.2025	30.8.2025
		GBM	P1		19.5.2025	30.8.2025
	US-2.1036	POU, RAT	N, P1		27.5.2025	13.9.2025
		GBM	P1		27.5.2025	13.9.2025’;

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1038, US-2.1039 agus US-2.1040:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1038	POU, RAT	N, P1		30.5.2025	13.9.2025
		GBM	P1		30.5.2025	13.9.2025
	US-2.1039	POU, RAT	N, P1		5.6.2025	13.9.2025
		GBM	P1		5.6.2025	13.9.2025
	US-2.1040	POU, RAT	N, P1		2.7.2025	25.8.2025
		GBM	P1		2.7.2025	25.8.2025’;

(h) in the entry for the United States, the following rows for the zones US-2.1042 to US-2.1049 are added after the row for the zone US-2.1041:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1042	POU, RAT	N, P1		28.8.2025	
		GBM	P1		28.8.2025	
	US-2.1043	POU, RAT	N, P1		2.9.2025	
		GBM	P1		2.9.2025	
	US-2.1044	POU, RAT	N, P1		4.9.2025	
		GBM	P1		4.9.2025	
	US-2.1045	POU, RAT	N, P1		9.9.2025	
		GBM	P1		9.9.2025	
	US-2.1046	POU, RAT	N, P1		10.9.2025	
		GBM	P1		10.9.2025	
	US-2.1047	POU, RAT	N, P1		11.9.2025	
		GBM	P1		11.9.2025	
	US-2.1048	POU, RAT	N, P1		4.9.2025	
		GBM	P1		4.9.2025	
	US-2.1049	POU, RAT	N, P1		10.9.2025	
		GBM	P1		10.9.2025’.	